Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Cúntóir Leabharlainne

# Eolas d'Iarratasóirí

## Meán Fomhair, 2023

## 1. <u>An Post</u>

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu faoi choinne post mar Chúntóirí Leabharlainne.

Tá sé beartaithe go gcuirfear painéal le chéile d'iarrthóirí as a líonfar folúntais le linn shaolré an phainéil.

Tuairisceoidh an Cúntóir Leabharlainne go díreach don Leabharlannaí/ Oifigeach Foirne, nó do dhuine iomchuí eile de réir mar a bheadh ainmnithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall ó am go ham.

Tá ról luachmhar ag Cúntóirí Leabharlainne sa tseirbhís Leabharlainne ag leibhéil áitiúil agus ar bhonn lárnach trí sheirbhísí a sholáthar go díreach don phobal, trí bheith ag tacú le TF agus le córais eile, agus trí thacaíocht a chur ar fáil do bhainistíocht na leabharlainne. Tá dualgais an Chúntóra Leabharlainne ag teacht le soláthar seirbhís leabharlainne poiblí a fhreagraíonn do riachtanais athraitheacha an réimse leathain custaiméirí a bhíonn aige de gach aois agus cúlra.

Is é an príomhról atá ag an Chúntóir Leabharlainne ná soláthar na seirbhíse leabharlainne (poiblí agus/nó tacaíocht) sna réimsí geografacha agus feidhmiúcháin atá sainithe sa sainchuntas poist seo, i gcomhréir leis na tosaíochtaí a sainaithníodh in ***Is é an Leabhlann an Ait: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid*** agus ***Cultúr le Chéile: Plean Straitéiseach don Rannán Cultúir 2022 – 2026.***

**Leabharlann Chontae Dhún na nGall**
Tá an tSeirbhís Leabharlainne lonnaithe in ionad Stiúrthóireacht Seirbhísí Tithíochta, Corparáideacha agus Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Cuimsíonn an Rannán Cultúir an tSeirbhís Leabharlainne, an tSeirbhís Ealaíon, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, an tSeirbhís Músaeim, an tSeirbhís Cartlainne agus Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.

Cuimsíonn an líonra leabharlainne 13 leabharlann agus 8 bpointe seirbhíse comhpháirtíocht phobail Taobh Tíre. Is í an Leabharlann Lárnach i Leitir Ceanainn an leabharlann is mó agus is gnóthaí agus is ann atá an Bailiúchán Taighde Staidéar Áitiúil agus Ionad Faisnéise Europe Direct, mar aon leis na seirbhísí leabharlainne poiblí a sholáthraíonn sí. Tá seirbhísí agus acmhainní leabharlainne ar líne ag forbairt go gasta, mar atá na roghanna féinseirbhíse lena n-áirítear Mo Sheirbhís Oscailte Leabharlainne.

Ós rud é go bhfuil an tSeirbhís Leabharlainne mar chuid den Rannán Cultúir táthar ag súil go n-oibreoidh Cúntóirí Leabharlainne le comhghleacaithe ó gach cearn den Rannán ar chláir agus ar thionscadail, ó am go ham.

**Nóta:** Tugtar le fios d'iarratasóirí gur riachtanach inniúlacht sa Ghaeilge a bheith acu siúd a cheaptar chuig seirbhísí leabharlainne i nGaeltacht Dhún na nGall

## 2. Ról, Dualgais & Freagrachtaí

Seo a leanas liosta de dhualgais, nach bhfuil uileghabhálach, a bhféadfaí iad a shannadh do Chúntóir Leabharlainne:

- Seirbhísí duine le duine a sholáthar;
- Fiosrúcháin a fhreagairt, bheith ag cuidiú le scoláirí agus taighdeoirí;
- Rochtain stiúrtha a sholáthar ar acmhainní leabharlainne sa leabharlann féin agus ar líne;
- Teicneolaíochtaí úra a úsáid agus a chur chun cinn agus cuidiú leis an phobal in úsáid na teicneolaíochta nua amhail féinseirbhís, idirlíon, áiseanna ar líne, trealamh digiteach, iPadanna, táibléid Android srl;
- An Córas Bainistithe Leabharlainne (Sierra) a oibriú le hábhair a sheiceáil isteach agus amach, taifead custaiméirí a nuashonrú, eolas a fháil srl;
- Leabhair chuí a mholadh do pháistí agus do dhaoine fásta a bhfuil leibhéil léitheoireachta agus ábhair shuime éagsúla acu;
- Acmhainní leabharlainne a eagrú agus iad a chur ar fáil d'úsáideoirí;
- Ról gníomhach a ghlacadh ag cur chun cinn acmhainní, lena n-áirítear imeachtaí agus gníomhaíochtaí amhail scéalaíocht / seisiúin filíochta do pháistí, clubanna leabhar, cuairteanna ranga, léachtaí, imeachtaí pobail, foilseacháin, taispeántais srl a eagrú, a chur chun cinn agus a chur ar fáil;
- Cuidiú le cur i bhfeidhm Ceart chun Léitheoireachta, Éire Fholláin i do Leabharlann, tacú le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe agus cláir náisiúnta eile;
- Seirbhísí for-rochtana a sholáthar do scoileanna agus d'eagraíochtaí pobail eile;
- Leabhair agus meáin eile a chur ar sheilfeanna agus a choinneáil in ord;
- Stoc a shórtáil, a phróiseáil, a chatalógú agus a dháileadh;
- Staitisticí a chomhthiomsú agus taifid a choinneáil;
- Dualgais riaracháin lena n-áirítear próiseáil airgeadais;
- Naisc a bhunú idir an leabharlann, an Rannán Cultúir agus seirbhísí eile de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall, an earnáil oideachais agus an pobal;
- Tacú le baill foirne sinsearacha i dtaca le pleanáil agus soláthar seirbhíse;

- Clúdach a sholáthar i leabharlanna eile nuair is gá le huaireanta oscailte agus seirbhísí a chaomhnú;
- Aon dualgais eile de réir mar a d'iarrfadh Leabharlannaí an Chontae/Bainisteoir Rannóige, an Rannán Cultúir.

## 3. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist

Tá sé dearbhaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta go mbeidh na cáilíochtaí do phost an Chúntóra Leabharlainne mar atá leagtha amach thíos:-

### (a) Carachtar

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

### (b) Sláinte

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil. Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh cheapadh.

### (c) Oideachas, Taithí, Oiliúint srl.

Ní mór leibhéal ginearálta oideachais maith a bheith ag gach iarrthóir

Meastar inniúlacht shásúil sa Ghaeilge a bheith inmhianaithe agus tairbheach i dtaca le folúntas ar bith, dar leis an Chomhairle, a mbeadh a leithéid de dhíth faoina choinne. Déanfar measúnú ar an inniúlacht seo mar chuid den phróiseas roghnúcháin agus earcaíochta de réir mar is iomchuí.

**Tabhair faoi deara:** Ní mór Cúntóirí Leabharlainne a cheapfar i Leabharlann Phobail na Rosann nó Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair a bheith inniúil sa Ghaeilge (déanfar é seo a mheas le teist teanga ar leithligh).

### (d) Bunriachtanais

Tá sé inmhianaithe go mbeadh ag iarrthóirí:

- scileanna idirphearsanta agus cumarsáide (labhartha, scríofa & TF) den scoth;
- éiteas seirbhís custaiméara den scoth;
- scileanna riaracháin agus eagrúcháin den scoth, lena n-áirítear bainistiú ama;
- sárscileanna TFC;
- cumas bheith ag obair go tairbheach, ar bhonn neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann;

- tionscnaíocht agus é nó í a bheith féinspreagtha i dtimpeallacht oibre;
- suim in eolas, sa phobal áitiúil agus ina stair agus a gcultúr
- feasacht ar Shláinte agus Sábháilteacht, a n-impleachtaí don eagraíocht agus don fhostaí, agus a bhfeidhmeanna san ionad oibre.
- eolas agus tuiscint ar sheirbhísí leabharlainne poiblí nua-aimseartha;
- eolas ar pholasaithe agus pleananna áitiúla de réir mar a bhaineann siad leis an tseirbhís leabharlainne;
- tuiscint ar an Chomhairle Contae agus ar Rannóg na Seirbhísí Cultúrtha;

## 4. <u>Mionsonraí an Phoist</u>

### (a) Ginearálta

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarratasóirí cáilithe a chruthú do phost an Chúntóra Leabharlainne.

Bíonn iarrthóirí do phost an Chúntóra Leabharlainne faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Sula gceapfar iad, ní mór d’iarrthóirí tabhairt faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus teacht tríd go rathúil.

### (b) Promhadh

Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, a shocróidh an Chomhairle.

### (c) Luach Saothair

Is é an scála pá reatha €27,146 ar a laghad go dtí €44,110 ar a mhéad sa bhliain de réir Chiorclán EL 01/2023.

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

### (d) Bunáit

Ós seirbhís uilechontae í an tSeirbhís Leabharlainne, d’fhéadfadh sé go lonnófaí baill foirne ag pointe seirbhíse ar bith laistigh de Chontae Dhún na nGall, de réir mar a d’iarrfadh Leabharlannaí an Chontae.

Cuirfidh Cúntóirí Leabharlainne clúdach ar fáil in áiteanna eile ó am go ham agus beidh liúntais chuí ag dul leo lena linn.

**(e) Cónaí**
Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

**(f) Uaireanta Oibre**
Is ionann na gnáthuaireanta oibre na 35 uair an chloig sa tseachtain, lena n-áirítear tráthnónta agus deirí seachtaine, de réir mar is gá. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

**(g) Riachtanas Tiomána**
Beidh ar Iarratasóirí:

a. Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
b. A bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha.

**(h) Coinbhleachtaí Leasa**
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

## 5. <u>Próiseas Earcaíochta</u>

### A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.

- **<u>Ná cuir CV isteach le d'iarratas.</u>** Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.

- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán rphoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie

- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.

- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

**B. Gearrliostú**

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú**

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais**.**

**E. Eile**

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**F. Cúis Dícháilithe an Chanbhasáil**

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíre

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

*Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.*

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn
go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais
a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le
Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat
an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse
agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an
chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag:
[www.donegalcoco.ie](http://www.donegalcoco.ie)